



THE HEALTH
INSURANCE
AUTHORITY



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2006

An tÚdarás Árachas Sláinte Ionntaíthe

Teach na Canála, Bóthar na Canála, Baile Átha Cliath 6.

Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Ríomhphost: info@hia.ie

Líonláithreán: www.hia.ie



THE HEALTH
INSURANCE
AUTHORITY

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2006





Clár

1. Ráiteas an Chathaoirligh	5
2. Comhaltas agus Foireann an Údaráis	7
3. Feidhmeanna an Údaráis	10
3.1 Rialú	11
• Struchtúr Rialúcháin an Mhargaidh	11
• Cothromú Fiontair	11
• An Clár Gnóthais Sochair Sláinte	13
• Comhlíonadh Rialúchán Monatóireachta	14
3.2 Taighde agus Comhairle	14
• Tuarascáil Iomaíochta	14
• Sochair Íosta	15
• Grádú Pobail ar feadh an tSaoil	15
• Reachtaíocht	15
• Comhshaol Árachas Sláinte	15
3.3 Seirbhísí Tomhaltóirí	16
• Gearáin agus Ceisteanna Tomhaltóirí	16
• Feachtas Faisnéis Tomhaltóirí	16
• Líonláithreán	16
4. Cúrsaí Corparáideacha	17
4.1 Straitéis	17
4.2 Rialú Corparáideach	17
4.3 Caidreamh le Páirtithe Leasmhara	18
4.4 Saoráil Faisnéise	18
4.5 Áiseanna	19
5. Tuarascáil agus Cuntais	21
Aguisíní	
A. Staitisticí Bainteacha le Margadh Árachas Sláinte Príobháideach in Éirinn, 2006	36
B. An Clár Gnóthais Sochair Sláinte	37
C. Fógra cló a úsáideadh i bhfeachtas eolas tomhaltóirí	38



1. Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Údarás Árachas Sláinte (“an tÚdarás”) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 de réir Alt 32(2) den Acht Árachas Sláinte 1994. Bliain chinniúnach dhúshlánach ba ea í seo maidir le feidhmeanna rialúcháin, comhairle polasaithe agus leasa tomhaltóirí an Údaráis.

Bhí cuid mhaith d’obair an Údaráis i 2006, faoina fheidhm rialúcháin, dírithe ar ghrádú pobail agus chothromú fiontar. Ba é sin an chéad bhliain ina raibh aistreoga cothromú fiontar iníoctha, cé go bhfuil stop le hiocáíochtaí ag brath ar thoradh caingean dlí a dtagraítear dó thíos. D’eisigh an tÚdarás dhá thuarascáil ar chothromú fiontar don Aire i 2006. Tugann na tuarascálacha cur síos ar mheastóireachtaí agus anailísí ar thuairisceáin faighte ó árachóirí agus taispeánann siad go bhfuil suntas na ndifríochtaí próifil pricaail idir árachóirí ag méadú go fóill.

Mar a tugadh faoi deara i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis i 2005, thosaigh BUPA caingean dlí in aghaidh na Scéime Cothromaithe Fiontar san Ard-Chúirt in Éirinn agus i gCúirteanna Céadchéime na hEorpa. I Nollaig 2006, dhíbir an Ard-Chúirt argóintí BUPA agus bhreith sí go raibh gá leis an Scéim Cothromú Fiontar agus “*ina theannta sin tá sí cóir, réasúnta agus i gcomhréir*”. Mheas an Chúirt chomh maith go bhfuil ról an Údaráis sa phróiseas “*ríthábhachtach ag cur san áireamh ní amháin a neamhspleáchas ach a shaineolas chomh maith*.” Tá BUPA ag déanamh achomhairc in aghaidh bhreithiúnas na hArd-Chúirte. Ina theannta sin, in Eanáir 2006 thosaigh BUPA caingean in aghaidh an phróisis a raibh iocáíochtaí cothromaithe fiontar mar thoradh air. Tá na himeachtaí úd, an t-achomharc den chéad tacar caingean na hArd-Cúirte agus an breithiúnas maidir le caingean Eorpach ar feitheamh.

I ndiaidh bhreithiúnas na hArd-Chúirte i bhfabhar Scéim Cothromú Fiontar, chinn BUPA le himeacht ón mhargadh Éireannach. Ina dhiaidh sin dhíol sé BUPA Ireland Ltd le Quinn Direct Insurance Ltd. Mar gheall ar an dóigh ina raibh seo molta, chuir an tÚdarás a thuairimí in iúl don Aire maidir le hiarmhairtí féideartha d’eagrais a fhaigheann gnó árachóirí láithreacha atá in ann úsáid a bhaint as díolúine shealadach ó iocáíochtaí cothromú fiontar. Ina dhiaidh sin, i mí Feabhra 2007, ritheadh reachtaíocht a bhain ar shiúl díolúine trí bliana ó iocáíochtaí cothromú fiontar d’iarrthóirí nua ar an mhargadh. Cuireadh Quinn Direct Insurance Ltd leis an Chlár Gnóthais Sochair Sláinte in Aibreán 2007.

Go luath sa bhliain 2006, d’iarr an tAire Sláinte agus Leanaí (“An tAire”) go dtabharfadh an tÚdarás agus An tÚdarás Iomaíochta tuarascáil di ar “*bhearta breise chun iomaíocht a spreagadh sa mhargadh árachas sláinte príobháideach agus an straitéis nó na straitéisí a d’fhéadfaí tabhairt isteach chun cothromú níos fearr a chruthú maidir leis an sciar den mhargadh atá ag árachóirí iomaíocha*.” Aontaíodh téarmaí tagartha i Márta 2006 agus rinneadh próiseas comhairliúcháin phoiblí in Aibreán 2006. Mheas Tuarascáil An Údaráis, a cuireadh cuir faoi isteach in Eanáir 2007, a mhéad a bhí bhacainní ar iomaíocht agus bacainní ar iontráil ann sa Mhargadh Árachas Sláinte Príobháideach. Tá roinnt moltaí ann a dhíríonn ar a leithéid de bhacainní a laghdú, staid a chruthú a luaithe is féidir sa dóigh go dtig le hárachóirí sláinte feidhmiú faoin chreatlach rialúcháin chéanna agus ar dhóigh eile leibhéal iomaíochta sa mhargadh a ardú. Rinneadh na moltaí sa Tuarascáil sa chomhthéacs iocáíochtaí cothromú fiontar éifeachtacha a dhéanamh agus, mura ndéantar a leithéid d’iomaíochtaí, ní bheadh cuid mhaith de na moltaí indéanta.

I ndiaidh fhógra BUPA go raibh sé le himeacht ón mhargadh Éireannach, bhunaigh an tAire grúpa triúr duine, (Grúpa Barrington) le fiosrú cé acu “*is féidir do rannpháirtithe ionchasacha sa mhargadh árachas sláinte sochar a thuilleamh ar chaipiteal a úsáideadh a mheasfaí a bheadh oiriúnach don tionscadal árachais*” nó nach féidir. Thuairiscigh an Grúpa i Márta 2007. Tá an tÚdarás ag scrúdú Thuarascáil an Ghrúpa agus rachaidh sé i dteagmháil leis an Aire maidir leis mar is cuí.

1. Ráiteas an Chathaoirligh [ar lean]

I ndiaidh machnamh a dhéanamh ar Thuarascálacha an Údaráis Árachas Sláinte, An Údaráis Iomaíochta agus Ghrúpa Barrington, d'eisigh an Rialtas roinnt beart dírithe ar an pháirc imeartha a chothromú agus rogha tomhaltóirí a fheabhsú. Ar na bearta tá tascanna breise ann don tÚdarás Árachas Sláinte, go háirithe maidir le machnamh a dhéanamh ar athruithe féideartha ar struchtúr grádaithe pobail agus ar an Scéim Cothromú Fiontair.

Is iad cothromú fiontair, grádú pobail ar feadh an tsoil agus an sainmhíniú ar chonradh árachas sláinte na hábhair eile ar eisigh an tÚdarás comhairle don Aire fúthu.

Choinnigh An tÚdarás a fhócas ar leasa tomhaltóirí le linn 2006. Leanann An tÚdarás leis ag cabhrú le tomhaltóirí trí fhreagraí a thabhairt ar cheistanna tomhaltóirí, ag cabhrú le réiteach aighneas le hárachóirí agus eolas a sholáthair do thomhaltóirí faoina gcearta agus ar tháirgí árachais ar fáil sa mhargadh. Ina theannta sin, mar thoradh ar iarratas ón Aire, thug an tÚdarás faoi fheachtas meán chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta faoi reachtaíocht árachas sláinte. Bhí an feachtas dírithe go háirithe ar eolas a thabhairt do thomhaltóirí faoina gcearta chun aistriú idir árachóirí gan pionós.

Tá áthas orm chun aithinteas a thabhairt d'obair agus do dhíograis Chomhaltaí an Údaráis le linn 2006. Agus seo á dhéanamh agam, is mian liom an t-ionchur substaintiúil ón Iníon Anne Maher, a d'éirigh as ag deireadh 2006 i ndiaidh sé bliana mar Chomhalta an Údaráis. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte agus Leanaí, an Iníon Mary Harney T.D., chomh maith le feidhmeannaigh ina Roinn, as a dtacaíocht le linn na bliana.

Mar fhocal scoir, is mór ag an Údarás foireann an Údaráis as a n-obair agus a ndíograis le linn 2006.

J. Joyce
Cathaoirleach

2. Comhaltas agus Foireann an Údaráis

Comhaltas

Ceapann an tAire Sláinte agus Leanáí Comhaltaí an Údaráis ar théarma cúig bliana a chríochnaíonn ar 31 Eanáir 2011.

Tá folúntas amháin san Údarás faoi láthair.

Is iad a leanas Comhaltaí an Údaráis faoi láthair:



An tUasal Jim Joyce (Cathaoirleach)

Rinneadh Cathaoirleach an Údaráis den Uasal Joyce ar 1 Feabhra 2006. Tá an tUasal Joyce ina Chomhalta d'Institiúid Achtúirí agus de Chumann Achtúirí in Éirinn agus bhí sé mar Uachtaráin an Chumainn idir 1999/2000. Bhí a luathghairm caite sa Státseirbhís agus chríochnaigh sé mar Rúnaí Cúnta sa Roinn Poist agus Teileagrafa, ina dhiaidh seo bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Telecom Éireann ó 1984 go dtí 1992. Ba é a bhí ina Achtúire Comhairleach don Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus ansin d'Údarás Rialaithe Seirbhísí Airgeadais Éireann ó 1992 go dtí 2005.



An tUasal Dónall Curtin

Tá an tUasal Curtin ina bhunaitheoir agus ina Phríomhpháirtí de Byrne Cuirtin Kelly (Cuntasóirí Poiblí Deimhnithe). Tá sé ina chomhalta d'Fhoras Cuntasóirí Poiblí Deimhnithe in Éirinn. Is Stiúrthóir é ar Bhord Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath. Is stiúrthóir é an tUasal Curtin ar Chambers Ireland agus is comhalta é d'Institiúid Cairte Eadránaithe le méid shuntasach taithí ar eadráin, idirghabháil agus réiteach aighnis.



An Iníon Mary Doyle

Tá an Iníon Doyle ina Bainisteoir Tionscadail le Bank of Scotland Ireland. Is eacnamaí í le taithí fhorleathan ar ghnó agus baincéireacht Éireannach, agus dhírigh sí ar anailís straitéiseach, gnó agus margaidh. D'fheidhmigh sí mar Chomhairleach Eacnamaíoch don Bhanc Domhanda agus tá taithí taighde aice ar ábhair traenála, turasóireachta agus ar bheartasréigiúnach AE. Rinne sí tabhairt isteach airgeadra an euro do ICC/Bank of Scotland Ireland (BOSI) a bhainistiú agus tá sí ina bainisteoir cláir do thabhairt isteach de Rialacháin Baincéireachta Idirnáisiúnta Basel II in BOSI. Mar chuid dá cáilíochtaí tá céim Mháistir Ealaíon in Eacnamaíocht agus Dioplóma i gCuntasaíocht agus Airgeadas. Is comhalta í de roinnt grúpaí comhairleacha ar fud an tionscail, an IBEC agus an IBF san áireamh.



An tUasal Aidan O'Donnell

Is achtúire é an tUasal O'Donnell. Tá breis agus 20 bliain taithí aige sa tionscal seirbhísí airgeadais i ndiaidh dó obair i roinnt ról sinsearach le Irish Life, Bank of Ireland agus Anglo Irish Bank. Faoi láthair is é an PríomhOifigeach Táirge agus Achtúire in oibríochtaí na hEorpa do Hartford Life. Is Comhalta é i gCumann Achtúirí in Éirinn agus tá Ceim Mháistir aige i Riarachán Gnó ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.

2. Comhaltas agus Foireann an Údaráis [ar lean]



Iníon Anne Maher – d'éirigh sí as ar 31 Nollaig 2006

Is í Anne Maher an tiar-Phríomhfheidhmeannach ar An Bhord Pinsean. Is comhalta boird í anois le Allied Irish Banks plc, le hÚdarás Maoirseoireachta agus Cuntasaíochta Éireann, an Bord Maoirseachta Gairmiúla (RA) agus Comhairle Pleanála Scoir na hÉireann. Is í Cathaoirleach Choiste Feidhmíochta Chomhairle na nDochtúirí Leighis, comhalta Ghrúpa Polasaí FTSE agus comhalta d'Institiúid Pholasaí Pinsean (RA). Is é a cúlra ná bhain sé céim sa dlí amach i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.

Tháinig téarmaí na gComhaltaí a leanas chun deiridh le linn 2006.



An tOllamh Alastair Wood (Cathaoirleach) – deireadh lena théarma ar 31 Eanáir 2006

Ollamh sa Mhatamaitic Fheidhmeach
Comhalta Oinigh de Chumann Achtúirí in Éirinn



An tUasal Tom Greene – deireadh lena théarma ar 31 Eanáir 2006

Cuntasóir

Bainistíocht

Is é a leanas Foireann Bainistíochta an Údaráis ar 31 Nollaig 2006:



An tUasal Liam Sloyan

Príomh-Fheidhmeannach/Cláraitheoir



An Iníon Nora Rahill

Bainisteoir Cúrsaí Corporáideacha/Rúnaí don Údarás



An tUasal Brendan Lynch

Ceannaire Taighde/Seirbhísí Teicniúla



An tUasal Michéal Ó Briain

Ceannaire Gnóthaí Rialúcháin



Tá oifigí An Údarás Árachas Sláinte lonnaithe ag:

Teach na Canála
Bóthar na Canála
Baile Átha Cliath 6

Teil: (01) 406 0080
Facs: (01) 406 0081
Ríomhphost: info@hia.ie
Líonláithreán: www.hia.ie

3. Feidhmeanna an Údaráis

Bhí an tÚdarás arna bhunú ag Ordú Aireach ar 1 Feabhra 2001 faoin Acht Árachas Sláinte, 1994 agus feidhmníonn sé de réir forálacha an Achta seo, an tAcht Árachas Sláinte (Leasú) 2001, an tAcht Árachas Sláinte (Leasú) 2003 agus an tAcht Árachas Sláinte 2007 (“Achtanna Árachas Sláinte”).¹ Soláthraíonn an reachtaíocht d’fheidhmiú agus rialú gnó árachas sláinte príobháideach in Éirinn.

An tAontas Eorpach “An Tríú Treoir Árachas Neamh-Shaoil” (“An Treoir”) a leagann amach na riachtanais don mhargadh inmheánach do Bhallstáit maidir le hárachas neamh-shaoil, árachas sláinte san áireamh.² Ligeann sé do Bhallstáit aonair glacadh leis na riachtanais ar leith siúd ar an dóigh is cuí dá gcórais dhleathach náisiúnta féin agus dá gcórais náisiúnta cúram sláinte. Rinneadh an Treoir a thabhairt isteach go dlí na hÉireann trí achtú Achtanna Árachas Sláinte a chuir reachtaíocht i bhfeidhm do na ceithre phrionsabal d’árachas sláinte príobháideach, eadhon, grádú pobail, rollú oscailte agus clúdach ar feadh an tsaoil agus sochair íosta.

Is iad príomhfeidhmeanna an Údaráis mar a sholáthair dó sna hAchtanna Árachas Sláinte ná:

1. tuairisceáin a tugadh dó faoi Scéim Cothromú Fiontair 2003 a mheas agus a iniúchadh agus tuairisc a ullmhú agus a thabhairt don Aire maidir le:
 - (a) an measúnú agus an t-iniúchadh seo, agus
 - (b) ábhair ag baint le leanúint le gnó árachas sláinte a dhéanamh agus imeachtaí maidir le hárachas sláinte go ginearálta a cheapann an tÚdarás ar chóir é a chur sa tuairisc de bharr an mheasúnaithe agus an iniúchta;
2. a ról a chomhlíonadh maidir le cinneadh an Aire cé acu ar chóir tús a chur le híocaíochtaí cothromú fiontair nó nár chóir;
3. an próiseas cothromú fiontair a bhainistiú agus a riaradh agus an ciste chothromú fiontair a bhunú agus a chothabháil agus tuarascáil bhliantúil a dhéanamh don Aire ag déanamh measúnú ar oibriú na scéime do gach tréimhse 12 mí ina ndéantar íocaíochtaí cothromú fiontair;
4. “An Clár Gnóthais Sochair Sláinte” a chothabháil;
5. comhairle a chur ar an Aire (ar iarratas ón Aire nó as a stuaim féin) ar ábhair bainteach le:
 - (a) a f(h)eidhmeanna faoi na hAchtanna Árachas Sláinte;
 - (b) feidhmeanna an Údaráis féin; agus
 - (c) árachas sláinte go ginearálta;
6. monatóireacht a dhéanamh ar:
 - (a) oibriú na nAchtanna Árachas Sláinte;
 - (b) gnó árachas sláinte a dhéantar; agus
 - (c) imeachtaí árachas sláinte go ginearálta.

Tá an tÚdarás cumhachtaithe chun cumhacht ar bith a fheidhmiú de réir mar is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Is féidir leis an Aire tuilleadh freagrachtaí a shannadh don Údarás mar a sholáthraítear dó sna hAchtanna Árachas Sláinte.

¹ An tAcht Árachas Sláinte, Ordú 1994 (An Lá Bunaithe), 2001. (S.I. UimhGh. 40 de 2001).

² Treoir na Comhairle 92/49/CEE 18 Meitheamh 1992 ar chomhordú dlíthe, rialúchána agus forálacha riaracháin ag baint le hárachas díreach díomaithe d’agus árachas saoil eile agus Treoir leasaitheach 73/239/CEE agus 88/357/CEE (an tríú Treoir Árachas Neamh-Shaoil). (OJ L 228, 11.8.1992, lch.1).

3.1 Rialú

Struchtúr Rialúcháin an Mhargaidh

Tá an córas rialúcháin árachas sláinte príobháideach Éireannach bunaithe ar na heochairphrionsabail de ghrádú pobail, de rollú oscailte agus clúdach ar feadh an tsaoil agus de shochair íosta agus tá sé mar aidhm aige go gcinntítear nach gcosnaíonn árachas sláinte príobháideach níos mó dóibh siúd a bhfuil an gá is mó acu leis. Níl an córas maoinithe, a chiallaíonn nach mbeidh carnadh ciste ann le saol an duine árachaithe chun a gcostais ionchais éileofar a chlúdach. Ina áit sin, déanann gach árachóir airgead a thugann daoine árachaithe a chomhthiomsú agus glactar costas éilimh i mbliain ar bith ón linn airgid.

Is sa chomhthéacs seo is gá coincheap grádú pobail a thuiscint. Is é is ciall leis nach dtéann préimh íoctha i bhfeidhm ar leibhéal riosca a chruthaíonn tomhaltóir. I bhfocail eile, cuirtear an phréimh chéanna ar gach duine i bplean ar leith, beag beann ar aois, inscne agus riocht sláinte a thiocthadh bheith orthu amach anseo faoi réir eisceachtaí maidir le páistí faoi 18 mbliana, mic léinn in oideachas lánaimseartha agus baill scéimeanna grúpa.

Is é a chiallaíonn rollú oscailte agus clúdach ar feadh an tsaoil, ach i mbeagán cúinsí sonraithe i reachtaíocht, go gcaithfidh árachóirí sláinte glacadh le gach iarratasóir d'árachás sláinte agus tá gealltanais ag gach tomhaltóir an ceart chun a bpolasaí a athnuachan beag beann ar a n-aois nó riocht sláinte.

Faoi rialacháin táillí íosta caithfidh gach earra sláinte a sholáthraíonn clúdach do chóireáil otharlainne othar cónaitheach leibhéal íosta áirithe sochair a sholáthar. Glactar leis gur gá leibhéal íosta sochair a rialú toisc sainchineál casta táirgí árachas sláinte príobháideach, gan rialú is é an toradh a d'fhéadfaí bheith air ná go soláthrófar táirgí do thomhaltóirí nach dtéann leibhéal cuimsitheach go leor clúdaigh leo.

Cothromú Fiontair

Is próiseas é cothromú fiontair a bhfuil sé mar aidhm aige difríochtaí i gcostais árachóirí a neodrú ar bhealach cothrom a tharlaíonn mar gheall ar éagsúlachtaistádas sláinte a mball. Le cothromú fiontair bíonn aistriú íocaíochtaí idir árachóirí ann chun cuid de chostais éilimh a mball ardbhaolach a spré i measc gach árachóir sláinte sa mhargadh i gcomhréir lena sciar den mhargadh. Is gnáthmheicníocht é cothromú fiontair i dtíortha le córais árachas sláinte grádaithe pobail.

An Scéim Cothromú Fiontair

Thug an tAire Sláinte agus Leanaí An Scéim Cothromú Fiontair isteach de bhun na nAchtanna Árachas Sláinte agus tháinig sé i bhfeidhm ar 1 Iúil 2003. Faoi Scéim (mar atá leasaithe), tá riachtanas ar árachóirí sláinte tuairisceáin a dhéanamh don Údarás ar feadh tréimhsí sé mhí ar 1 Iúil 2003, .i. bhí na chéad tuairisceáin le bheith ar ais don tréimhse ó 1 Iúil 2003 go dtí 31 Nollaig 2003.

Iarrtar ar an Údarás meastóireacht agus scagadh a dhéanamh na tuairisceáin ar mhaithe le difríochtaí a fháil amach, más ann dóibh, maidir le cineál agus dáileadh baoil árachaithe i measc árachóirí sláinte. Ón mheastóireacht agus scagadh, tá ar an Údarás an céatadán cothromaithe margaidh (“CCM”) a chinntiú. Is ionann an CCM agus an méid a d'aistreofaí dá mbeadh íocaíochtaí cothromú fiontair le déanamh, a chuirtear in iúl mar chéatadán de na sochair iomlána sa mhargadh a thagann faoi chothromú fiontair. Measann an CCM a shuntasáil atá difríochtaí próifíl baoil idir árachóirí. Ansin, ullmhaíonn an tÚdarás tuarascáil scríofa agus tugann sé ina mbíonn sonraí ar an mheastóireacht agus anailís a rinne sé don Aire. Ní mór don tuarascáil an CCM a socraíodh agus ualach stádas sláinte ar ghlacadh leis ar mhaithe lena leithéid de chinneadh a léiriú. Sa tuarascáil fosta tá eolas eile agus chomhairle maidir le gnó árachás sláinte a dhéanamh agus forbairt maidir le hárachás sláinte go ginearálta, a mheasann an tÚdarás ba chóir bheith san áireamh mar thoradh ar a mheastóireacht agus ar an anailís.

Struchtúr Rialúcháin an Mhargaidh [ar lean]

Faoin Scéim Cothromú Fiontair, ní thiocfadh íocaíochtaí cothromú fiontair a thosú nuair a bhí an CCM idir 2% agus 10% ach gur mhol an tÚdarás gur chóir iad a thosú agus má chinn an tAire gur chóir go mbeadh seo amhlaidh. Agus an tÚdarás ag déanamh moltaí bhí arair aird a bheith aige ar leasa foriomlána tomhaltóirí árachas sláinte, agus an gá le haghaidh feidhmiú grádaithe pobail a chaomhnú trasna an mhargaidh d'árachas sláinte agus iomaíocht idir gnóthais a éascú.

Bhí an ceathrú tacar de thuarisceáin ó árachóirí, a bhain leis an tréimhse 1 Iúil 2005 go dtí 30 Meitheamh 2005, faighte ag an Údarás ag Deireadh Mhí Iúil 2005. Shocraigh an tÚdarás go raibh an CCM 4.2%. I ndiaidh a mheastóireachta agus a anailíse ar thuarisceáin faighte agus machnamh déanta ar aighneachtaí ó árachóirí sláinte, agus aird aige ar leasa foriomlána tomhaltóirí árachas sláinte, mhol an tÚdarás gur chóir tús a chur le híocaíochtaí cothromú fiontair. I Nollaig 2005 chinn an tAire gur chóir tús a chur le híocaíochtaí agus gur chóir sin a thosú ar an data 1 Eanáir 2006.

Caingean Dlí

I Mí Bealtaine 2005, thosaigh BUPA IRELAND caingean Ard-Chúirte maidir leis an Scéim Cothromú Fiontair. Sa chéad dul sios tugadh an caingean in aghaidh an Aire Sláinte agus Leanaí, An Ard-Aighne agus an Údaráis, ach ina dhiaidh sin scaoileadh an tÚdarás saor ón chaingean. Bhí Vhi Healthcare ina pháirtí fógartha sa chaingean.

Chinn an tArd-Chúirt, ar 30 Bealtaine 2005, gur chóir bac a chuir leis na híocaíochtaí cothromú go dtí gur socraíodh an caingean thuasluaite. Tá an bac ar na híocaíochtaí i bhfeidhm go fóill.

Thug an Breitheamh Uasal McKechnie a bhreithiúnas ar 23 Samhain 2006 agus dhíbhgh sé éileamh BUPA Ireland. Ina bhreithiúnas dúirt McKechnie *“laistigh den chreatlach reachtúil den chóras Éireannach, thiocfadh leis an mhargadh bheith neamhsheasmhach gan chothromú fiontair. Ina theannta sin tá sí (an Scéim Cothromú Fiontair) cóir, réasúnta agus comhréireach.”*

Bronnadh costais An Údaráis bainteach leis an chaingean in aghaidh BUPA Ireland.

I ndiaidh bhreithiúnas na hArd-Chúirte d'fhógair BUPA Ireland ar 14 Nollaig 2006 go raibh sé ag cur tús lena tharraingt siar ón mhargadh Éireannach. Stop é ag díol polasaithe nua agus d'fhógair sé nach ndéanfadh sé athnuachan ar chonarthaí ó 1 Feabhra 2007. Ar 31ú Eanáir 2007, d'fhógair BUPA Ireland agus an Quinn Group gur thángthas ar chomhaontú maidir le ceannach BUPA Ireland Ltd. ag an Quinn Group.

Ar 30 Eanáir 2007 lóisteáil BUPA Ireland achomharc leis an Ard-Chúirt in aghaidh chinneadh na hArd-Chúirte.

Tá BUPA Ireland ag dul i ngleic le cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh nach Cúnamh Stáit é Scéim Cothromú Fiontair Éireannach. Éisteadh an caingean seo i gCúirt Chéadchéime na hEorpa ar 7 Márta 2007 agus táthar ag fanacht le breithiúnas.

Ina theannta, ar 30 Eanáir 2006 d'iarr BUPA athbhreithniú breithiúnach le dul i ngleic le moladh an Údaráis Deireadh Fómhair 2005 agus cinneadh an Aire Nollaig 2005 le tús a chur le híocaíochtaí cothromú fiontair. Níor éisteadh an caingean go fóill.

Tuarscálacha Cothromú Fiontair déanta i 2006

Tuarscáil i ndiaidh anailís tuairisceán faighte in Eanáir 2006

Bhí an cúigiú tacar de thuarisceáin ó árachóirí, a bhain leis an tréimhse 1 Iúil 2005 go dtí 31 Nollaig 2005, faighte ag an Údarás ag deireadh Eanáir 2006. Óna mheastóireacht agus anailís ar na tuairisceáin, shocraigh an tÚdarás go raibh an CCM 5.1% (le MSS=0).


Thuiriscigh an tÚdarás don Aire ar na tuairisceáin seo in Aibreán 2006.

Tuarascáil i ndiaidh anailís tuairisceán faighte in Iúil 2006

Bhí an séú tacar de thuairisceáin ó árachóirí sláinte, a bhain leis an tréimhse 1 Iúil 2006 go dtí 31 Meitheamh 2006, faighte ag an Údarás ag deireadh Iúil 2006. Is é seo an chéad tréimhse ina bhfuil iocaíochtaí faoin Scéim le híoc. Faoin Scéim tabharfar iocaíochtaí isteach i gcéimeanna don chéad bhliain, 50% an fachtóir céimnithe.

Óna mheastóireacht agus anailís ar na tuairisceáin, shocraigh an tÚdarás go raibh an CCM 4.5% (le MSS=0). Seo laghdú de 0.6 pointí céatadáin ón tréimhse roimhe, 1 Iúil 2005 go dtí 31 Nollaig 2005. Taispeánann an chairt thíos an treocht leis an CCM, le MSS cothrom le náid, thar na sé thréimhse ina raibh tuairisceáin faighte.

CCM le MSS = 0.0, thar na sé thréimhse ina raibh tuairisceáin faighte



Déantar luachanna rianta don CCM a mhapáil chomh maith. Nuair a chuirtear an luaineacht shéasúrach agus randamach san áireamh is féidir a fheiceáil go leanann an bhuntreocht leis suas.

Thuairiscigh an tÚdarás don Aire ar na tuairisceáin i Meán Fómhair 2006. Ag cur céimeanna san áireamh, seo a leanas an méid atá gach árachóir le fáil ó/(le tabhairt do) an Ciste Cothromú Fiontair don tréimhse:

BUPA Ireland	(€8,326,647)
ESB SMPF	€605,929
Vhi Healthcare	€7,720,718
VIVAS Health	€NIALAS

Toisc gur iontrálaí le gairid é VIVAS Health ní gá dó iocaíochtaí cothromú fiontair a dhéanamh nó a ghlacadh go dtí Deireadh Fómhair 2007.

An Clár Gnóthais Sochair Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as cothabháil “An Chláir Gnóthais Sochair Sláinte” (“An Clár”). Soláthraíonn Alt 14 den Acht Árachas Sláinte 1994 go gcaithfidh árachóir sláinte ar bith, a dhéanann gnó árachas sláinte in Éirinn, clárú leis an Údarás agus teastas a fháil uaidh. Tá gá le hathnuachan cláraithe ar bhonn bliantúil. Soláthraíonn an t-árachóir sláinte mionsonraí ar a tháirgí árachas sláinte go dtí an tÚdarás agus déantar athbhreithniú ar na táirgí maidir le comhlíonadh na nAchtanna Árachas Sláinte. Eisítear teastas don árachóir sláinte ag dearbhú gur féidir leis an árachóir árachas sláinte príobháideach, de réir théarmaí a rialacha agus a reachtaíochta baintí, a thairiscint. Ní ghearrtar táillí ar son eisiúint an teastais seo. Is gá d’árachóir sláinte a chuir deireadh leis an obair sna 12 mhí roimhe, cur in iúl don Údarás faoi seo agus bainfeadh an t-árachóir sláinte den Chlár.

3. Feidhmeanna an Údaráis [ar lean]

Tá dhá chineál árachóirí sláinte ann. Is árachóirí sláinte iad na gnóthais bhallaíochta oscailte ar gá dóibh glacadh le gach tomhaltóir ar mhian leis árachas sláinte príobháideach a fháil (faoi réir srianta teoranta áirithe mar atá sonraithe sa reachtaíocht). Is scéim gairme iad Gnóthais Srianta go príomha, ní bhíonn de bhaill iontu ach fostaithe eagraíochtaí ar leith.

Tá na gnóthais ar “An Clár Gnóthais Sochair Sláinte” ar 31 Nollaig 2006 liostaithe in *Aguisín B*.

Comhlíonadh Rialúchán Monatóireachta

Déanann an tÚdarás monatóireacht ar oibriú margadh árachas sláinte agus na táirgí gnóthais chláraithe le haghaidh chomhlíonadh le reachtaíocht árachas sláinte. In amanna, is féidir go ndéanfaidh an tÚdarás teagmháil dhíreach leis an ghnóthas cláraithe, má chreideann sé go bhfuil féidearthacht ann nach bhfuil sé ag comhlíonadh na reachtaíochta. Déanann sé monatóireacht chomh maith ar an dóigh a ndéantar táirgí sláinte a fhógairt agus a dhíol agus bhí roinnt cainteanna le gnóthais árachas sláinte i dtaca leis seo.

Le linn 2006, seoladh roinnt táirgí nua, agus rinne an tÚdarás athbhreithniú ar mhionsonraí na dtáirgí úd le haghaidh chomhlíonadh fhorálacha na nAchtanna Árachas Sláinte, 1994-2007 agus rialachán bainteach.

3.2 Taighde agus Comhairle

Tuarascáil Iomaíochta

In Eanáir, d'iarr an tAire Sláinte agus Leanaí ar An Údarás Árachas Sláinte agus ar An Údarás Iomaíochta tuairisc a thabhairt ar *“bhearta eile le hiomaíocht a spreagadh sa mhargadh árachas sláinte príobháideach agus an straitéis nó na straitéisí ar féidir glacadh leo chun cothromíocht níos fearr a chruthú maidir le cuid den mhargadh atá ag árachóirí iomaíocha.”* Aontaíodh Téarmaí Tagartha i Márta 2006 agus rinneadh próiseas comhairliúcháin phoiblí in Aibreán 2006. D'oibrigh an tÚdarás Iomaíochta agus An tÚdarás Árachas Sláinte go dlúth le chéile le hullmhú a dtuarascálacha. Chuir an tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil faoi bhráid an Aire in Eanáir 2007.

Leagann an Tuarascáil cúlra margadh árachas sláinte príobháideach (“ASP”) agus an riailréim rialúcháin. Déantar measúnacht ar cé acu is ann do bhacanna iomaíochta nó nach ann trí príomheiseamláir polasaí iomaíochta a úsáid; mar shampla, bacainní ar iontráil agus bacainní ar iomaíocht. Measann an Tuarascáil cumhacht cheannaitheora, cumhacht mhargaidh agus struchtúr margaidh. Measann sé comparáidí idirnáisiúnta bainteacha tá aguisíní ar chomparáid idir scéimeanna cothromú fiontair Éireannacha agus Astrálacha agus achoimre arathbhreithniú ECEF ar árachas sláinte príobháideach go hidirnáisiúnta.

Is é conclúid amháin na Tuarascála go mbíonn tionchar ag na rialacháin riachtanacha chun margadh grádaithe pobail a chothabháil ar iomaíocht, ach ceann atá cóir agus comhréireach agus a éascaíonn iomaíocht idir árachóirí. Mar sin féin, tá an margadh Éireannach cruinnithe le chéile agus tá roinnt moltaí sa Tuarascáil, deartha le leas na dtomhaltóirí trí iomaíocht níos fearr sa mhargadh a spreagadh.

Is é príomhspríoc amháin atá ag moltaí na Tuarascála staid a chruthú a luaithe agus is féidir le go bhfeidhmíonn gach árachóir sláinte faoin chreatlach rialúcháin amháin. Chuige sin, tá roinnt moltaí dírithe ar Vhi Healthcare lena éascú le bheith ina árachóir údairithe, rialaithe ag an Rialtóir Airgeadais agus le riachtanas air go mbainfidh sé leibhéil sócmhainneachta amach mar atá sonraithe sa reachtaíocht árachais.

Tá na moltaí sa Tuarascáil déanta i gcomhthéacs íocaíochtaí cothromú fiontair éifeachtacha a dhéanamh agus le neamhláithreachas na hiocaíochtaí úd, ní bheadh cuid mhaith de na moltaí indéanta.

Sochair Íosta

Déanann an tÚdarás monatóireacht ar chomhlíonadh Rialacháin Sochair Íosta, atá tábhachtach d'éifeacht grádaithe pobail agus do chosaint tomhaltóirí.

Sa Pháipéar Bán 1999 ar Árachas Sláinte Príobháideach, léirigh an Rialtas a rún chun an córas reatha de shochair íosta a leasú. I 2005, mhol an tÚdarás, in áitiú don Roinn Sláinte agus Leanaí, gur cóir an córas sochair íosta a shimpliú. Ina Thuarascáil don Aire ar *Iomaíocht sa Mhargadh Árachas Sláinte Príobháideach Éireannach*, mhol an tÚdarás gur cóir Rialacháin Sochair Íosta a leasú trína simpliú, cuid de na srianta ar cad é is féidir le hárachóirí a thairiscint a chealú agus tagairtí do luachanna airgid a chealú a oiread agus is féidir.

Grádú Pobail ar feadh an tSaoil

Is córas é grádú pobail ar feadh an tsaoil nuair is féidir le hárachóirí préimh níos airde a iarraidh orthu siúd a ghlacann árachas sláinte den chéad uair níos moille ina saol. Faoi ghrádú pobail ar feadh an tsaoil d'íocfadh duine 70 bliain d'aois a raibh árachas aige ó bhí sé 30 bliain d'aois an phréimh chéanna le duine atá 30 bliain d'aois ach d'fhéadfaí go mbeadh ar dhuine 70 bliain d'aois nach raibh árachas aige roimhe préimh níos airde a íoc. Cloíonn an tÚdarás lena bharúil go laghdódh tabhairt isteach grádú pobail ar feadh an tsaoil an baol maidir le roghnú dochrach sa mhargadh.

Soláthraíonn na hAchtanna Árachas Sláinte do thabhairt isteach Rialachán a bhunaíonn córas grádaithe pobail ar feadh an tsaoil in Éirinn. I 2006, thug an tÚdarás comhairle don Roinn Sláinte agus Leanaí maidir le dréachtú Rialachán den chineál sin agus bhí cainteanna aige le feidhmeannaigh Rannacha maidir leis seo.

Reachtaíocht

Is iad na hAchtanna Árachas Sláinte, 1994-2007, Teoracha Árachas Neamh-Shaoil AE, mar a tugadh isteach go dlí na hÉireann iad, Achtanna Árachas Sláinte Shaorálaigh, Achtanna Árachais, agus an Bhainc Cheannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, príomhfhoinsí reachtaíochta árachas sláinte príobháideach. Is iad na comhlachtaí a bhfuil freagracht orthu as maoirseacht a dhéanamh ar rialú árachais sláinte príobháidigh in Éirinn ná An tÚdarás Árachas Sláinte agus An Rialtóir Airgeadais. Ní raibh athruithe reachtaíochta déanta i 2006 ar na hAchtanna Árachas Sláinte.

Déanann an tÚdarás monatóireacht, ar bhonn leanúnach, ar fhorbairtí sna réimsí reachtaíochta intíre agus reachtaíocht AE araon, ag déiléal le hárachas sláinte agus réimsí eile bainteacha, amhail árachas agus iomaíocht. Chuir an tÚdarás comhairle ar an Aire chomh maith agus a feidhmeannaigh ar iarmhairtí sa mhargadh árachais sláinte mar gheall ar éagsúlacht forálacha mionsonraithe de reachtaíocht árachais sláinte agus na torthaí sa mhargadh a d'fhéadfaí a bheith ann le leasuithe ar roinnt forálacha den reachtaíocht.

Bhí cainteanna, go háirithe, ag an Údarás agus an An Roinn Sláinte agus Leanaí i dtaca le foráil reachtaíochta san Acht Árachas Sláinte (Leasaithe), 2001 nár chuir san áireamh roinnt cineálacha chonarthaí árachais ó chuideachtaí ar leith mar gheall ar shainmhíniú chonradh árachas sláinte (foráil (c) sa sainmhíniú). Éiríonn ceisteanna polasaí iomaíochta as i dtaca leis an eisiámh agus thóg cuideachtaí iad, cuideachtaí nach mbeadh i dteideal leas a bhaint as.

Comhshaol Árachas Sláinte

Déanann an tÚdarás monatóireacht ar cheisteanna a bhaineann leis an chomhshaol níos leithne árachas sláinte, mar shampla reachtaíocht bhainteach, boilsciú míochaine agus forbairtí sa mhargadh cúram sláinte in Éirinn agus i gcúram sláinte idirnáisiúnta i gcórais árachas sláinte.

Déanann an tÚdarás monatóireacht ar tháirgí árachas sláinte atáthar a dhíol in Éirinn chomh maith le táirgí eile ar féidir leo tionchar bheith acu ar an mhargadh árachas sláinte príobháideach amhail pleananna airgid thirim ospidéal agus polasaithe géarthinnis.

3. Feidhmeanna an Údaráis [ar lean]

3.3 Seirbhísí Tomhaltóirí

Tá leasa tomhaltóirí barrthábhachtach ag an Údarás. Measann an tÚdarás tionchar rialachán nó reachtaíochta nua ar thomhaltóirí. Tá sé mar aidhm ag an Údarás feasacht tomhaltóirí ar a gcearta a spreagadh agus le cabhrú leo táirgí árachas sláinte a thuiscint agus comparáid a dhéanamh eatarthu. Faoina fheidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú gnóthais árachas sláinte, déanann an tÚdarás monatóireacht ar sholáthar eolais do thomhaltóirí ag árachóirí chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na nAchtanna Árachas Sláinte.

Gearáin agus Ceisteanna Tomhaltóirí

Cabhraíonn an tÚdarás le tomhaltóirí trí cheisteanna i dtaca le hárachas sláinte a fhreagairt agus trí chabhrú leo réiteach a fháil ar ghearáin in aghaidh árachóirí. I 2006, mhéadaigh líon na gceisteanna agus gearán go dtí 250 a bheag nó a mhór.

Is iad a leanas na topaicí is minice a tógadh leis an Údarás:

- iarratais ar fhoilseacháin an Údaráis, go háirithe an tábla ‘Comparáid idir Táirgí Árachas Sláinte Príobháideach agus iad a Thuiscint’,
- cearta maidir le haistriú idir árachóirí,
- tréimhsí feithimh,
- cothromú fiontair agus
- ceisteanna ginearálta bainteach le hárachas sláinte.

Feachtas Faisnéis Tomhaltóirí

I Nollaig 2005, d'iarr an tAire Sláinte agus Leanaí ar an Údarás machnamh a dhéanamh ar an cheist faoi fheasacht tomhaltóirí ar a gcearta maidir le haistriú idir árachóirí faoin chreatlach rialúcháin faoi láthair a fheabhsú agus chun céimeanna a thabhairt chun cearta inaistrithe árachóra a thabhairt chun suntais.

Thug an tÚdarás faoi fheachtas chun inaistriú árachas sláinte príobháideach a thabhairt chun suntais. Mar chuid den fheachtas bhí fógraí cló sna meáin náisiúnta agus réigiúnacha i gcomhair le hagallaimh leis an Phríomh-Fheidhmeannach/Cláráitheoir sna mheáin priontála agus craolta. Tá cóip den fhógra cló a úsáideadh san fheachtas curtha isteach in Aguisín C.

Ina theannta sin d'iarr an tÚdarás comhoibriú árachóirí maidir le dáileadh eolais ar chearta tomhaltóirí in éineacht le fógraí athnuachan. Bíodh sin mar atá, bheadh gá le comhoibriú gach árachóra agus ní raibh gach árachóir réidh le bheith páirteach ann.

Tá sé mar rún ag an Údarás a fheachtas i 2007 a threisiú.

Líonláithreán

Mar chuid den chothabháil agus d'fhorbairt leanúnach a líonláithreáin, chuir an tÚdarás le hábhar eolas tomhaltóra ar a líonláithreáin. Ar bharr an eolais ar chearta tomhaltóirí (lena n-áirítear an ceart chun aistriú clúdach árachais gan pionós), ar líonláithreán an Údaráis tá eolas dírithe ar chabhrú le tomhaltóirí táirgí árachais a thuiscint agus a chur i gcomparáid agus leis an táirge cuí is fearr dá gcúinsí a roghnú. Chuige sin, eisiúnn an tÚdarás tábla ina bhfuil achoimre ar mhionsonraí gach táirge ar an mhargadh i bhformáid tomhaltóirchairdiúil. Bíonn an tábla seo nuashonraithe go rialta chun athruithe ar thairgí agus ar phraghasanna a chur san áireamh.

4. Cúrsaí Corparáideacha

4.1 Straitéis

Bunaíodh an tÚdarás mar rialtóir neamhspleách don mhargadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn. Chun a ról seo a chomhlíonadh, d'fhorbair an tÚdarás a phlean oibre chun fis, misean agus luachanna a chur san áireamh.

Fís an Údaráis

Is í fís an Údaráis ná “leas do chách a bhaint amach trí mhargadh iomaíoch árachas sláinte a éascú agus san am céanna grádú pobail, rollú oscailte agus clúdach ar feadh an tsaoil a chaomhnú”.

Misean an Údaráis

Is é misean an Údaráis:

A fhís a bhaint amach trí:

- monatóireacht agus taighde a dhéanamh ar árachas sláinte go ginearálta
- moladh a dhéanamh ar chur i ngníomh nó a mhalairt de chothromú fiontair agus bainistiú agus rialú ar scéim ar bith cothromú fiontair
- comhairle a chur ar an Aire faoi árachas sláinte go ginearálta
- cur i ngníomh rialachán eile bainteach mar atá forordaithe
- leasa tomhaltóirí árachas sláinte atá ann faoi láthair agus iad a bheidh ann amach anseo a chosaint.

Luachanna an Údaráis

Thug an tÚdarás luachanna air féin le cur i bhfeidhm ina ghníomhartha. Is iad luachanna an Údaráis:

- a neamhspleáchas a choinneáil
- gníomhú go neamhchlaonta agus le hionracas i gcónaí
- oibriú ar dhóigh ghairmiúil agus éifeachtach
- a dhúshláin uathúla a chomhlíonadh, bheith oscailte maidir le smaointe nua agus le moltaí ó gach foinse agus nuálach ina chur chuige
- trédhearcacht a choinneáil ina chuid oibre uile
- meas a bheith acu ar a dhaoine.

4.2 Rialú Corparáideach

Cód Cleachtais Rialaithe Chorparáidigh

D’ullmhaigh an tÚdarás “Cód Cleachtais don Rialú Údarás Árachas Sláinte” bunaithe ar an “Chód Cleachtais don Rialú Comhlachtaí Stáit” eisithe ag An Roinn Airgeadais i Márta 2002. Comhlíonann an tÚdarás próiseas leanúnach na ngnáthamh agus treoirlínte chun gach rialú corparáideach cuí a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú agus déanann sé an Cód a nuashonrú mar is cuí de réir treoirlínte agus reachtaíochta baintí.

4. Cúrsaí Corparáideacha [ar lean]

Eitic in Oifig Phoiblí

Tá an tÚdarás san áireamh ar Ionstraim Reachtúil Uimh. 699 de 2004 ar mhaithe le hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon Comhaltaí agus gach ball foirne bainteach an Údaráis a n-oibleagáidí de réir na reachtaíochta seo.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh agus cuireadh na Cuntais Bhliantúla do 2006 isteach d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (“an AR&CC”) le haghaidh iniúchta. Rinne an oifig iniúchadh ar na Cuntais seo agus cheadaigh an oifig sin iad agus tá siad leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo ag Alt 5. Cloíonn an tÚdarás le doiciméadú rialaithe chorparáidigh a d'eisigh an AR&CC i 2003 ag leagan amach na dtreoirí agus na gcaighdeán le haghaidh cuntais a thabhairt isteach ar mhaithe le hiniúchadh.

Teangacha Oifigiúla

Géilleann an tÚdarás do reachtaíocht Teangacha Oifigiúla agus coinníonn sé i dteagmháil leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir leis seo.

4.3 Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

I rith 2006 rinne an tÚdarás iarracht caidrimh mhaithe ghairmiúla a chothabháil le páirtithe leasmhara sa mhargadh árachas sláinte príobháideach Éireannach agus bhí sé oscailte do mholtaí agus smaointí ó gach foinse. Chun seo a dhéanamh, bhuail an tÚdarás le páirtithe leasmhara go rialta chun ábhair a thit laistigh de fhreagrachtaí an Údaráis a phlé, agus, sa mhéid is féidir, choinnigh sé an trédhearcacht ina chuid oibre. Ar na páirtithe leasmhara bhí tomhaltóirí, árachóirí, comhlachtaí gairmiúla agus rialtóirí eile.

An Rialtóir Airgeadais

Tá dlúthchaidreamh ag an Údarás leis an Rialtóir Airgeadais maidir le hábhair atá le leas na beirte. I 2006, shínigh an tÚdarás comhaontú comhoibríthe leis an Rialtóir Airgeadais.

Straitéis Chumarsáide

Tá polasaí oscailteachta, comhairliúcháin agus díospóireachta i bhfeidhm ag an Údarás le páirtithe leasmhara. Cuireann an tÚdarás fáilte roimh chumarsáid le tomhaltóirí, páirtithe leasmhara agus páirtithe eile a bhfuil suim acu i soláthar seirbhís rialúcháin agus i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Leanfaidh an tÚdarás air an polasaí oscailteachta seo a chur i bhfeidhm ag dul chun tosaigh le béim ar leasa iomlána tomhaltóirí árachas sláinte.

4.4 Saoráil Faisnéise

Tháinig an tÚdarás Árachas Sláinte laistigh de réimse Acht Um Shaoráil Faisnéise le rith Rialacháin 2006 Achta um Shaoráil Faisnéise 1997 (Comhlachtaí Forordaithe), i bhfeidhm ó 31 Bealtaine 2006.

I dteannta iarratas a phróiseáil faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise de réir mar a fhaightear iad, d'ullmhaigh an tÚdarás dhá leabhrán, “Treoir ar Fheidhmeanna Taifead agus ar Thaifid i seilbh an Údaráis” agus “Treoir ar Rialacha, Ghnáthaimh, agus Chleachtais an Údaráis”, a threoraíonn iarratasóirí trí phróiseas Saoráil Faisnéise. Cuirtear na treoirleabhair le chéile de réir Achtanna um Shaoráil Faisnéise agus foilsítear ar líonláithreán an Údaráis iad.

4.5 Áiseanna

Foireann

Tá foireann de naonúr ag obair ag an Údarás. Tá comhaltaí na foirne geallta do sheirbhís ghairmiúil a sholáthar don phobal agus don tionscal árachas sláinte.

Maoiniú

Maoinítear oibríochtaí an Údaráis ag ioncam cánach a chuirtear ar ghnóthais chláráithe de réir Alt 17 den Acht Árachas Sláinte, 1994.³ Is é gnóthas cláráithe an téarma a thugtar ar árachóirí sláinte a dhéanann gnó árachas sláinte in Éirinn. Chun an gnó seo a dhéanamh, caithfidh an t-árachóir bheith ar “An Clár Gnóthas Sochair Sláinte” a choinníonn an tÚdarás. Is iad na rialacháin cánach a thug an tAire isteach in 2001 a leagann síos an méid atá le híoc ar 0.14% de ioncam préimhe gnóthas cláráithe é, atá le híoc ar bhonn ráithiúil. Tá oibleagáid ar ghnóthais chláráithe sonraí ar ioncam préimhe agus líon na ndaoine árachaithe ar a scéim a thabhairt isteach. Tá achoimre déanta ar na staitisticí úd in Aguisín A. Tá An Clár Gnóthais Sochair Sláinte mar a bhí ag 31 Nollaig 2006 leagtha amach in Aguisín B.

³ Acht Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17) Rialacháin Cánach, 2001 (I.R. Uimh. 255 de 2001).





THE HEALTH
INSURANCE
AUTHORITY

Cuntais 2006





5. Tuarascáil agus Cuntais

don bhliain 1 Eanáir 2006 go dtí 31 Nollaig 2006

Don Aire Sláinte agus Leanáí

De réir théarmaí Alt 32(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, cuireann An tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil agus a Chuntais i láthair don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2006.

Clár

Eolas faoin Údarás	24
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	25-26
Ráiteas ar Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh	27
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis	28
Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasaíochta	29
Ráitis Airgeadais	30-35



Eolas faoin Údarás

Ceapann an tAire Sláinte agus Leanaí Comhaltaí an Údaráis do théarma cúig bliana a chríochnaíonn ar 31 Eanáir 2011.

Comhaltaí an Údaráis

J. Joyce (Cathaoirleach), *ceaptha ar 1 Feabhra 2006*

Dónall Curtin, *ceaptha ar 1 Aibreán 2006*

Mary Doyle, *athcheaptha ar 1 Feabhra 2006*

Aidan O'Donnell, *athcheaptha ar 1 Feabhra 2006*

Anne Maher, *athcheaptha ar 1 Feabhra 2006*

Tháinig deireadh le téarma na Comhaltaí a leanas le linn 2006

An tOllamh Alastair Wood (Cathaoirleach), *téarma críochnaithe ar 31 Eanáir 2006*

Tom Greene, *téarma críochnaithe ar 31 Eanáir 2006*

Anne Maher, *a d'éirigh as ar 31 Nollaig 2006*

Príomh-Fheidhmeannach/Cláraitheoir

Liam Sloyan

Rúnaí

Nora Rahill

Baincéirí

AIB plc.

40/41 Westmoreland Street

Baile Átha Cliath 2

Iniúcháirí

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

Oifigí

Teach na Canála

Bóthar na Canála

Baile Átha Cliath 6

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an tÚdarás Árachais Sláinte

Tá ráitis airgeadais an Údarás Árachais Sláinte don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoi Alt 32 den Acht Árachais Sláinte, 1994.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Údarás agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Faoi Seach

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Alt 32 den Acht Árachais Sláinte, 1994, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtas Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Údarás leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Údarás.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtas Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chúil coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtas Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údarás, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste [ar lean]

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Údaráis ag 31 Nollaig 2006 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



Gerard Smyth

Le haghaidh agus thar cheann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

19 Meitheamh 2007

Ráiteas ar Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Ráiteas ón Chathaoirleach maidir le measúnú ar rialuithe airgeadais inmheánacha an Údarás Árachas Sláinte de réir mar is gá in alt 10.2 (iii) faoin “Chód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit” ceadaithe ag An Roinn Airgeadais i mí Dheireadh Fómhair 2001

1. Admhaíonn an Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis gurb é Bord an Údaráis atá freagrach as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh an Údarás Árachas Sláinte.
2. Admhaíonn an Cathaoirleach agus Comhaltaí chomh maith nach féidir lena leithéid de chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach deimhniú réasúnta a thabhairt agus nach féidir leis deimhniú iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is ceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó ar ghnóthaí cama nó go dtiocfaí orthu ar bhealach tráthúil.
- 3-4. Leag Comhaltaí an Údaráis na heochairghnáthnaimh a leanas amach a dearadh le rialú airgeadais ríomhánach éifeachtach a sholáthar laistigh den Údarás:

Mar a soláthraíodh dó in Alt 26(5) den Acht Árachas Sláinte, 1994, is é an Príomh-Fheidhmeannach/ Cláraitheoir (“an PF”) atá freagrach as gnó agus bainistíocht an Údaráis a dhéanamh agus as rialú ginearálta riaracháin agus gnó an Údaráis agus comhlíonfaidh sé cibé feidhmeanna eile a chinnfidh an tÚdarás. D’aontaigh Comhaltaí an Údaráis gurb iad an PF agus an fhoireann atá freagrach as ábhair oibríochtúla. Freagraíonn an PF do na Comhaltaí ag a gcruinnithe a dhéantar ar bhonn míosúil de ghnáth.

Ghlac na Comhaltaí le Cód Cleachtais do Rialú an Údarás Árachas Sláinte bunaithe ar Chód Cleachtais na Roinne Airgeadais do Rialú Comhlachtaí Stáit. Ghlac na Comhaltaí le Rialacha maidir le Gnáthnamh agus Gnó Chruinnithe an Údarás Árachas Sláinte dá gcruinnithe.

Cuireann an tÚdarás gnáthnaimh airgeadais i bhfeidhm ag leagan amach na dtreoracha airgeadais, nótaí ar ghnáthnaimh agus cleachtais thairmligthe. Déanann Coiste Iniúchta agus Airgeadais athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta, ráitis airgeadais, buiséadú agus gnáthnaimh airgeadais go ginearálta. Bhuail an Coiste le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar airgeadais bainteach leis an bhliain 2006. Fostaíodh comhairleoirí in eochair-réimsí nuair a mheastar go raibh a leithéid de sheirbhísí cuí cuntasaíochta agus comhairleoirí iniúchta inmheánaigh san áireamh.

Chuir an tÚdarás córas bogearraí ríomhairí i bhfeidhm ina bhfuil pacáiste cuntasaíochta agus pacáiste párolla chun rialuithe airgeadais inmheánaigh an Údaráis a éascú.

De thairbhe méid na heagraíochta agus líon na foirne fostaithe, d’fhostaigh an tÚdarás comhlacht cuntasaíochta seachtrach chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu ar son an Údaráis agus chun meicníocht tuairiscithe airgeadais ar bhonn míosa a dhéanamh ar bhainistíocht na gcuntas go ginearálta, agus buiséid san áireamh.

Rinneadh iniúchadh inmheánach ar an Údarás agus ar a ghnó i mí Dheireadh Fómhair 2006. Fostaíodh comhairleoirí seachtracha chun an anailís seo a dhéanamh, a raibh rannpháirtíocht iomlán Chomhaltaí agus fhoireann an Údaráis ann chun rioscaí féideartha a aimsiú agus a chur in ord tosaíochta.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním maidir leis an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006, go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht an rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Sínithe thar ceann Chomhaltaí an Údaráis

J. Joyce

Cathaoirleach, An tÚdarás Árachas Sláinte

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

De réir Alt 32(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, tá riachtanas ar Chomhaltaí an Údaráis ráitis airgeadais a ullmhú i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte agus Leanáí tar éis comhairle a ghlacadh leis an Aire Airgeadais. Is gá don Údarás, agus é ag ullmhú na ráitis airgeadais úd:

- Polasaithe cuntasaiochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- Cur in iúl cé acu a leanadh caighdeáin chuntasaíochta nó nár leanadh, faoi réir imeacht suntasach ar bith a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar ghnóthas leantach ach amháin nuair nach bhfuil sé cuí réamhthuairim a thabhairt go leanfaidh feidhmiú an Údaráis ar aghaidh.

Tá freagracht ar an Údarás leabhair chuntais chuí a choinneáil, a nochtann ar bhealach fíor agus cóir ag am ar bith dóigh airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas lena chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32(2) den Acht. Tá freagracht ar an Údarás chomh maith sócmhainní an Údaráis a chosaint agus céimeanna réasúnta a thabhairt chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

Cathaoirleach

19 Meitheamh 2007

Comhalta

Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasaíochta

Is iad a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais:

Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta ginearálta agus faoin choinbhinsiún costais stairiúil agus comhlíonann siad na caighdeáin tuairiscithe airgeadais den Bhord um Chaighdeáin Cuntasaíochta.

Ioncam Cánach

Léiríonn ioncam cánach an méid bailithe ag an Údarás i dtaca leis an tréimhse. Cuireann sé seo san áireamh íocaíochtaí a tugadh don Údarás de réir Achtanna Árachas Sláinte, 1994-2003 agus déantar oiriúnacht na suime sin a sheiceáil leis an ioncam cánach lena mbeifear ag súil bunaithe ar phróifíl an Údaráis ar scéimeanna árachas sláinte príobháideach.

Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe de réir mar a thabhaítear é.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Maítear sócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas lúide dímheas carnach. Áirítear an dímheas, a ghearrtar ar an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, chun costais na sócmhainní seasta a dhíscríobh ar a saol úsáideach mar a mheastar, faoin mhodh dronlíne ar ráta bliantúil de 331/3% do threalamh ríomhaireachta agus 20% do gach sócmhainn eile ón dáta a fhaightear é.

Airgeadraí Eachtrannacha

Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtrannacha a mhalartú go euro le linn na bliana agus áirítear iad sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

Déantar sócmhainní airgeadaíochta agus dliteanais in airgeadraí eachtrannacha a mhalartú go euro ar rátaí malairte ar rialú ag dáta an chláir chomhardaithe agus áirítear gnóchain agus cailteanais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

Aoisliúntas

De réir Alt 28 den Acht Árachas Sláinte, 1994, is féidir leis an Údarás, le cead an Aire Sláinte agus Leanaí agus an Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú ar chomhaltaí foirne an Údaráis. Tá an tÚdarás ag teacht chun deiridh le socrú a dhéanamh faoin chineál sin scéime i gcomhar leis an dá Roinn agus tá sé ag déanamh na n-asbhaintí riachtanacha ó thuarastail coinnithe ag an Údarás, ach nach n-aithnítear mar ioncam iad. Tá an tÚdarás ag soláthar do ranníocaíochtaí fostóirí don Scéim. Ar mhaithe le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, measann an tÚdarás gurb ionann an scéim agus scéim ranníocaíochta sainmhínithe, ina bharúil féin, agus rinne sé cuntas air dá réir.

Cúlchiste Ginearálta

De réir mar a fhorbraíonn ról an Údaráis mar rialtóir agus mar chomhairleoir Margadh Árachas Sláinte Príobháideach Éireannach, is féidir go méadóidh na costais mar gheall ar mhéaduithe cúinsí eisceachtúla. Táthar ag súil go n-íocfaidh an Cúlchiste Ginearálta as dliteanas ar bith a thagann chun cinn mar gheall air.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachas

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	12 mí dar críoch 31 Nollaig 2006 €	12 mí dar críoch 31 Nollaig 2005 €
Ioncam	1	1,819,334	1,617,341
Costais Riaracháin	2	(1,736,876)	(1,603,776)
Ioncam iomarcach thar chaiteachas/ ioncam thar chaiteachas		82,458	13,565
Ús Infhaighte		35,071	26,476
Barrachas don tréimhse		117,529	40,041
Barrachas Carnach ag tús tréimhse		558,634	568,593
Aistriú chuig Cúlchiste Ginearálta	8	(50,000)	(50,000)
Barrachas Carnach ag deireadh tréimhse		626,163	558,634

Níl gnóchain nó caillteanais le haithint, ach iad siúd lena ndéileáladh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.



Cathaoirleach

19 Meitheamh 2007



Comhalta

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais atá an Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 11.

Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €	2005 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	4	5,616	59,536
Sócmhainní reatha			
Banc agus Airgead tirim		2,022,382	2,020,412
Aisíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	5	494,599	443,610
		2,516,981	2,464,022
Creidmheastóirí (méideanna dlíthe laistigh de bhliain amháin)			
Creidmheastóirí agus fabhráithe	6	(738,539)	(857,029)
Sócmhainní reatha glana		1,778,442	1,606,993
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		1,784,058	1,666,529
Sócmhainní glana		1,784,058	1,666,529
A chiallaíonn			
Ioncam iomarcach carnach thar chaiteachas	8	626,163	558,634
Cúlchiste Ginearálta		1,157,895	1,107,895
		1,784,058	1,666,529



Cathaoirleach

19 Meitheamh 2007



Comhalta

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais atá an Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 11.

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Ioncam Cánach

Soláthraíonn Alt 17 den Acht Árachas Sláinte, 1994 d'íocaíocht ioncam cánach trí ghnóthas cláraithe don Údarás gach ráithe. Leagan Rialacháin Chánach, 2001, an tAcht Árachas Sláinte, 1994 (Alt 17) an ráta iarbhir don ioncam cánach ar 0.14% de phréimheanna árachas sláinte bunúsach íoctha do gach gnóthas cláraithe agus srianta in Éirinn.

	2006 €	2005 €
Ioncam Cánach	1,819,304	1,617,341
Saoráil Faisnéise	30	–
	1,819,334	1,617,341

2. Costais Riaracháin

	2006 €	2005 €
Tuarastail agus costais foirne (oiliúint san áireamh)	512,516	447,120
Luach saothair Comhaltai	37,333	27,934
Cíos, Táillí Seirbhísi agus Cothabháil	146,939	155,576
Costais earcaíochta	56,013	59,918
Sainchomhairliúchán (Nóta 3)	720,245	688,609
Árachas	43,756	41,088
Costais Ríomhaireachta agus Stáiseánóireachta	29,731	23,453
Costais Eile Riarachán	38,892	47,402
Faisnéis Tomhaltóirí	85,263	28,988
Iníúchadh	11,500	10,500
Dímheas	54,688	73,188
	1,736,876	1,603,776

3. Costais Sainchomhairliúcháin

	2006 €	2005 €
Cuntasaíocht	71,043	33,342
Seirbhísí Achtúireacha	79,903	148,988
Seirbhísí Dleathacha	505,232	399,416
Caidreamh Poiblí	46,718	48,927
Taighde	14,388	53,579
Aoisliúntas	961	1,059
Seirbhísí Aistriúcháin	2,000	3,298
	720,245	688,609

4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Riomhaireachta €	Feistiú Oifige, Troscán & Trealamh €	Iomlán €
Costas			
Ag mí na Nollag 2005	71,058	327,545	398,603
Breisiúcháin le linn na tréimhse	(1,923)	2,691	768
Ag mí na Nollag 2006	69,135	330,236	399,371
Dímheas			
Ag 31 Nollag 2006	60,868	278,199	339,067
Táille don tréimhse	4,217	50,471	54,688
Ag 31 Nollag 2006	65,085	328,670	393,755
Luach Leabhair Glan			
Ag 31 Nollag 2006	4,050	1,566	5,616
Ag 31 Nollag 2005	10,190	49,346	59,536

Nótaí [ar lean]

5. Aisiocaíochtaí agus ioncam fabhraithe

	2006 €	2005 €
Ioncam fabhraithe	457,430	404,621
Réamhíocaíochtaí	37,169	38,989
	494,599	443,610

6. Creidmheastóirí (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

	2006 €	2005 €
Creidmheastóirí trádála agus fabhraithe	412,585	619,199
Foráil pinsean (Nóta 7)	306,258	221,598
PAYE/PRSI	19,550	7,449
Seirbhísí Gairmiúla Cánach Siarchoinneálaí	146	5,488
Cáin Bhreisluacha	0	3,295
	738,539	857,029

7. Foráil Pinsean

Tá an tÚdarás ag teacht ar an socrú deireanach a dhéanamh faoi scéim sochair pinsin dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar an tSamhail Seirbhíse Poiblí agus agus táthar ag fanacht ar cheadú ón Aire Sláinte agus Leanaí agus ón Aire Airgeadais. Tá ranníocaíochtaí iníochta don Aire Sláinte agus Leanaí ranníocaíochtaí an fhostóra san áireamh, ar ráta 25% ó lúil 2006, (16.66% roimhe seo) den phá inphinsin agus gearrtar iad den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. D'aontaigh an tAire aisiocaíocht a thabhairt don Údarás maidir le sochair íochta faoin scéim. Tá na méideanna a leanas san áireamh sa cheannteideal, "Tuarastail agus Costais Foirme (oiliúint san áireamh)" (Nóta 2):

	2006 €	2005 €
Ag tús na tréimhse	221,598	172,886
Ranníocaíochtaí Fostaí	19,295	13,109
Ranníocaíochtaí Fostóra	74,056	41,819
Iomlán	314,949	227,814

7. Foráil Pinsean [ar lean]

Aisiocaíocht Ranniocaíochtaí	(8,691)	(6,216)
Aistrithe isteach san Soláthar Pinsin	–	–
Aisiócíocht Dlite	–	–
Ag deireadh na tréimhse	306,258	221,598

8. Barrachas Carnach ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2006 €	2005 €
Ag tús na tréimhse	558,634	568,593
Barrachas don tréimhse	117,529	40,041
	676,163	608,634
Aistriú chuig Cúlchiste Ginearálta	(50,000)	(50,000)
Barrachas coinnithe	626,163	558,634

9. Gealltanais Chaipitil

Níl gealltanais chaipitil do chaiteachas caipitiúil ag 31 Nollaig 2006.

10. Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh dliteanais theagmhasacha ag 31 Nollaig 2006.

11. Ceadú Ráitis Airgeadais

Cheadaigh Comhaltas an Údaráis na Ráitis Airgeadais ar 18 Aibreán 2007.

Aguisín A

Staitisticí Bainteacha le Margadh Árachas Sláinte Príobháideach in Éirinn, 2006

Comhaltas (1)

	Iomlán Daoine Árachaithe (ooos)	Clúdach Árachas Sláinte Príobháideach mar % den daonra (2)
Nollaig-2001	1,871	48.2%
Nollaig-2002	1,941	49.2%
Nollaig-2003	1,999	49.8%
Nollaig-2004	2,054	50.4%
Nollaig-2005	2,115	50.6%
Nollaig-2006	2,174	50.9%

Ioncam Préimhe

Bliain	Ioncam Iomlán (€m)
2002	821.9
2003	978.2
2004	1,061.1
2005	1,152.7
2006	1,236.2

Nótaí

- (1) Baineann gach uile fhigiúir le margadh sláinte árachas príobháideach iomlán, i.e. rollú oscailte agus gnóthais shrianta.
- (2) Tá figiúirí eile daonra bunaithe ar mheastacháin daonra CSO agus idirshliocht/eachtarshliocht.


Aguisín B

An Clár Gnóthais Sochair Sláinte (ag 31 Nollaig 2006)

Gnóthais Tráchtála

1. BUPA Insurance Limited
2. The Voluntary Health Insurance Board
3. VIVAS Insurance Limited

Gnóthais Shrianta

1. C.I.E. Clerical Staff Hospital Fund
 2. ESB Marina Staff Medical Provident Fund
 3. ESB Staff Medical Provident Fund
 4. Health Shield Friendly Society Limited
 5. Irish Life Assurance Plc Outdoor Staff Benevolent Fund
 6. Irish Life Medical Aid Society
 7. Motorola Medical Aid Society
 8. New Ireland/Irish National Staff Benevolent Fund
 9. Prison Officers Medical Aid Society
 10. St Paul's Garda Medical Aid Society
 11. The Goulding Voluntary Medical Scheme
- 

Aguisín C

Fógra cló a úsáideadh i bhfeachtas eolas tomhaltóirí

You're in control

Under Irish law you have the right to switch health insurer without penalty

Have you shopped around for health insurance lately? You could be offered a lower premium, or find coverage that better suits your needs. The Health Insurance Authority provides information to assist you in understanding your rights and comparing your options. Visit www.hia.ie to find out more.

The Health Insurance Authority
Canal House, Canal Rd, Dublin 6

Phone **01 4060080**
Email **info@hia.ie**

The HIA is the independent statutory regulator for private health insurance in Ireland



THE HEALTH
INSURANCE
AUTHORITY